



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preas Ráiteas Press Statement

Achoimre ar na príomhthorthaí , Ráithe 2 2011

Achoimre ar na torthaí príomha – Ráithe 2 (R2) 2011

Príomhthorthaí R2 2011	Aibreán-Meitheamh 2011	Athrú bliantúil
Fostaithe	1,821,300	-37,800
Dífhostaithe	304,500	+10,900
Ráta Dífhostaíochta	14.3%	+0.7pp
Tá sa Lucht Saothair	2,125,900	-26,800
Níl sa Lucht Saothair	1,376,900	+17,200
Ráta Rannpháirtíochta sa Lucht Saothair	60.7%	-0.6pp

pc = pointí céatadán

Líon na nDaoine Fostaithe

- Tháinig laghdú bliantúil 2.0% nó 37,800 ar fhostaíocht sa bhliain go dtí an dara ráithe de 2011 agus mar sin bhí líon iomlán na ndaoine fostaithe cothrom le 1,821,300. Tá sé seo i gcomparáid le laghdú bliantúil de 2.9% ar fhostaíocht sa ráithe roimhe sin.
- Is ionann an laghdú bliantúil de 2.0% ar fhostaíocht agus an laghdú bliantúil is ísle ón tríú ceathrú de 2008, nuair a tháinig laghdú faoi 2.0% freisin ar líon na ndaoine fostaithe ar bhonn bliantúil.
- Ar bhonn coigeartú séasúrach, tháinig laghdú 3,200 (-0.2%) ar fhostaíocht sa ráithe. Leanann an méid sin laghdú coigeartaithe séasúraigh de 7,200 (-0.4%) ar fhostaíocht i R1 2011.

Líon na nDaoine Dífhostaithe

- Tháinig méadú 10,900 (+3.7%) ar dhífhostaíocht sa bhliain go dtí R2 2011. Mar sin is ionann líon iomlán na ndaoine dífhostaithe agus 304,500, le méadú 5,600 (+2.8%) go 205,700 ag teacht ar dhífhostaíocht i measc na bhfear agus méadú 5,200 (+5.6%) go 98,800 ag teacht ar dhífhostaíocht i measc na mban. Mhéadaigh an ráta dífhostaíochta neamh-choigeartaithe ó 13.6% go 14.3% le linn na bliana go R2 2011.
- Tháinig méadú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó 5.9% go 7.7% le linn na bliana go R2 2011. Ba í dífhostaíocht fhadtéarmach ba chúis le 53.9% de dhífhostaíocht iomlán i R2 2011 i gcomparáid le 43.3% bliain roimhe sin agus 21.7% sa dara ráithe den bhliain 2009.

Tuilleadh/...

- Tháinig méadú ar an ráta dífhostaíochta coigeartaithe go séasúrach ó 13.9% go 14.2% le linn na ráithe.

Lucht Saothair

- Bhí líon iomlán na ndaoine sa lucht saothair sa dara ráithe den bhliain 2011 cothrom le 2,125,900, arb ionann é agus laghdú 26,800 (-1.2%) le linn na bliana. Tá sé seo i gcomparáid le laghdú bliantúil 50,400 (-2.3%) ar an lucht saothair i R2 2010.

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise déan teagmháil le

Brian Ring ag 021 453 5747, Tara Davis ag 021 453 5093 nó Martina O'Callaghan ag 021 453 5491

Facs 021 453 5492

R-phost labour@cso.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

15 Meán Fómhair 2011

– CRÍOCH –